Ábhar:

Ollstór Sonraí rScoileanna

Uimhir Chiorcláin:

2009/04

Dáta Eisiúna:

20 Bealtaine 2009

Sprioclucht Féachana/Léite:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí gach scoile deontaschúnta;
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Comhairle na Scoileanna Caitiliceacha faoi Chothabháil;
- An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe;
- Comhairle Oideachais Imeasctha Thuaisceart Éireann;
- Comhairle na Gaelscolaíochta;
- Foireann Feidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna.

Achoimre an Chlár Ábhar:

Eolas do scoileanna ar thabhairt isteach an ollstóir nua sonraí rScoileanna ar líne.

Fiosrúcháin:

Ba chóir aon fhiosrúcháin faoi ábhar an Chiorcláin seo a chur chuig:

An tUas. Ivor Graham
An Roinn Oideachais
Teach Rathgael
43 Bóthar Balloo
BEANNCHAR
BT19 7PR

Feasacht Ghobharnóra:
Bunriachtanach

Stádas an Chlár Ábhar:
Eolas do scoileanna

Doiciméid Bhainteacha:
Aon cheann

Doiciméid Chealaithe:
Aon cheann

Dáta Éaga:
Neamhbhainteach

Láithreán gréasáin RO:
Tá an ciorclán seo ar fáil ar http://www.deni.gov.uk

Teil: 028 9127 9613
Facs: 028 9127 9100

Cóipeanna breise:
Teil:028 9127 9561

Réamhrá

1. Tá seo ann le réamhfhógra a thabhairt do scoileanna go mbeidh an ollstór nua sonraí rScoileanna ar líne go hiomlán oibríoch ó Mheán Fómhair na bliana seo. Geobhaidh tú eolas thíos ar chúlra na seirbhíse ollstóir, sonraí faoi cad é a dhéanfaidh sí agus cá huair a dhéanfaidh sí é, gearrchuntas ar cé aige a mbeidh teacht uirthi agus ar na tairbhí a bheas ag rScoileanna do scoileanna agus don earnáil oideachais ina hiomláine.

2. Gheobhaidh scoileanna eolas chomh maith ar cad é a chaithfidh siad a dhéanamh le hullmhú do thabhairt isteach an chórais nua.

3. Cuireann an ciorclán seo síos ar an ollstór i dtéarmaí ginearálta. Cuirfear eolas níos mionsonraithe agus níos praiticiúla ar fáil in éineacht leis an oiliúint ghaolmhar.

Cúlra

4. Sa bhliain 2003, i ndiaidh athbhreithnithe mhóir ar Straitéis Bhoird Oideachais agus Leabharlainne T.É. i leith Chórais Eolais, coimisiúnaíodh Seomra Ranga 2000 (C2k) le soláthar sheirbhís nua Ollstóir Sonraí rScoileanna a thabhairt chun tosaigh a bheadh ina cuidiú ag na Boird Oideachais agus Leabharlainne treoracha Rialtais a chomhlíonadh agus na spriocanna i leith Sholáthar Seirbhíse Leictreonaí a bhaint amach. I ndiaidh cead a fháil le dul ar aghaidh sa bhliain 2007, bronnadh conradh ar HP in Aibreán 2008 an tseirbhís nua seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Feidhm an Ollstóir

5. Stórálfaidh an t-ollstór slán ar líne sonraí a bhaileofar ó chórais bainistithe eolais scoileanna, boird oideachais agus leabharlainne agus comhpháirtithe eile oideachais. Dearbhófar na sonraí a bheith bailí (féach paragraf 15) agus bainfear úsáid astu le réimse córais ghnó sna boird a thabhairt chun dáta agus réimse tuarascálacha caighdeánacha, saincheaptha a sholáthar do na scoileanna agus na comhpháirtithe oideachais uile. Beidh scoileanna in ann anailís a dhéanamh ar an eolas a chuirfear ar fáil sna tuarascálacha, ag baint úsáide as táscairí ríthábhachtacha a chuirfidh ar a gcumas a bhfeidhmíocht féin a mheas agus í a chur i gcomórtas le feidhmíocht scoileanna eile den chineál chéanna nó scoileanna i réigiún gheografach ar leith. Cuirtear síos ar chearta teachta ar na sonraí agus ar an eolas, agus ar shocruithe slándála i bparagraif 19-22.

Tábhacht rScoileanna – do RO, do Bhoird/ÚOS agus don tseirbhís oideachais

6. Léiríonn fianaise ó thaighde go bhfuil infhaighteacht sonraí i gcomhair úsáide ag leibhéal córais, scoile agus múinteora aonair ríthabhachtach i dtaca le hardú caighdeán de. Tugann rScoileanna deis sainiúil gach sruth ábhartha sonraí a thabhairt le chéile, agus ar an dóigh sin ag riar don riachtanas le foinse rannta sonraí a bhfuil teacht air go héasca agus a bhaineann úsáid as comhchaighdeáin sonraí, rud is réamhriachtanach d'úsáid éifeachtach sonraí.

7. Baineann cuid de thátail athbhreithniú an Choiste um Chuntais Phoiblí ar litearthacht agus uimhearthacht i dTuaisceart Éireann leis an riachtanas le hanailís níos fearr ar shonraí ar mhaithe le pleanáil agus feabhsú leanúnach. Is lárnach úsáid éifeachtach TEC i bpríomhthiománaithe beartais na Roinne agus na hearnála oideachais, mar atá bainistíocht scoile agus ardú chaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta thar an chóras. Tugann beartas nua feabhsaithe scoile na Roinne, atá leagtha amach i 'Scoil Mhaith Gach Scoil', tosaíocht d'ardú gnochtachtála trí úsáid níos éifeachtaí sonraí, agus le fócas níos mó ar thorthaí daltaí agus ar chuntasacht scoileanna.

8. Faoi láthair bailíonn RO eolas ó scoileanna trí roinnt beart, agus an Daonáireamh Bliantúil Scoile san áireamh, agus trí bhearta a bhaineann le Scrúduithe Scoile, Freastal Daltaí, Cáilíochtaí agus Ceann Scríbe Fhágálaithe Scoile. Déantar dianscrúdú bailíochtaithe ar na sonraí seo agus baintear úsáid as an eolas I réimsí éagsúla beartais, mar bheartais a bhaineann le maoiniú scoile, spriocanna CSP, RSO agus Feabhsú Scoile.

9. Leanfar de bhailíochtú na sonraí leis na soláthraithe sonraí agus beidh na soláthraithe sonraí freagrach as a chinntiú, nuair a aimsítear míchruinnis, go gceartaítear sonraí agus go mbíonn siad fá réir le hathbhailiú isteach san ollstór. Go hiomlán, feabhsóidh seo cáilíocht na sonraí agus mar thoradh air, ba chóir go mbeadh sonraí níos cruinne ar fáil do scoileanna, BOLí/ÚOS agus RO le húsáid ina n-anailís ar bhainistiú feidhmíochta.

10. Tá soláthar sonraí iontaofa amach anseo do RO, agus do gach grúpa a bhaineann le bailiú, próiseáil, anailísiú agus scaipeadh eolais a bhaineann le scoileanna, bunaithe ar fhorbairt rathúil an tionscadail rScoileanna agus ní féidir a thábhacht a mheas faoina luach.

Tairbhí do scoileanna

11. Is é príomhthairbhe rScoileanna go mbeidh teacht ar líne ag scoileanna ar shonraí reatha a bheas ina gcuidiú acu le féinmheastóireacht agus feabhsú scoile agus go gcuirfidh sé ar a gcumas eolas ar fheidhmíocht a fháil agus treochtaí a aithint, agus iad féin a chur i gcomórtas le scoileanna eile dá leithéid.

12. Mar thoradh ar an chumas sonraí a bhailiú go huathoibríoch ón ollstór sonraí, ba chóir go mbeadh laghdú ar líon na n-iarratas ag iarraidh eolais ar scoileanna ón Roinn agus ó chomhlachtaí eile. Ar a sheal, ba chóir go laghdódh seo an obair atá riachtanach ag scoileanna le freagraí ar na h iarratais sin a ullmhú. Ach nuair is éigean an t-eolas a chuardach ó scoileanna nach bhfuil ar fáil ar CBES agus, mar sin de, nach bhfuil san ollstór, iarrfar ar scoileanna foirmeacha ar line (rFoirmeacha) a chomhlánú ag soláthar an eolais atá riachtanach. Más cuí a dhéanamh (mar shampla, nuair a bheas tuairisceán rialta i gceist), cuirfear an t-eolas ó na rFoirmeacha le hábhar an ollstóir.

13. Cinnteoidh an próiseas bailíochtaithe, a bhfuil feidhm aige ar gach córas I scoileanna, i mboird agus sa Roinn, go bhfuil na córais sin ag baint úsáide as aon tacar aontaithe eolais in aon réimse ar leith.

Clár ama

14. Tosóidh bailiú sonraí ó gach scoil i mí Aibreáin 2009 agus tosóidh gné thuairiscithe na seirbhíse le treoirscéim i líon beag scoileanna le linn na Bealtaine/Meithimh. Tá an clár ama forfheidhmithe mar seo a leanas:

Mí	**Gníomhaíocht**
Aibreán	Tosaíonn bailiú sonraí ó gach scoil.
Bealtaine/Meitheamh	Tosaíonn tuairisciú do threoirghrúpa scoileanna (29 scoil de gach cineál).
Meitheamh	Tosaíonn oiliúint d'iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta.
Iúil	
Lúnasa	Bailítear torthaí scrúduithe.
Meán Fómhair	Tosaíonn tuairisciú do gach iar-bhunscoil agus gach scoil speisialta a bhfuil torthaí scrúduithe de dhíth orthu. Tosaíonn oiliúint do bhunscoileanna.
Deireadh Fómhair	Tosaíonn tuairisciú do gach iar-bhunscoil agus gach scoil speisialta nach bhfuil torthaí scrúduithe de dhíth orthu.

Bailiú, bailíochtú agus tuairisciú sonraí

15. Baileofar sonraí go huathbhríoch go díreach ón chóras CBE i ngach scoil, agus bailíochtófar iad le sraith scrúduithe cuimsitheacha. Gheobhaidh scoileanna tuairiscí bailíochtaithe ag aibhsiú aon cheisteanna féideartha faoi shonraí, ar nós iontrálacha ar iarraidh nó iontrálacha a mheastar a bheith mícheart.

16. Ag deireadh gach míosa, lódálfar na sonraí bailíochtaithe isteach san ollstór sonraí. Bainfear úsáid as na sonraí seo le sraith tuairiscí feidhmíochta a tháirgeadh do scoileanna a chumhdóidh réimse ábhar, lena n-áirítear:-

    - Comhthéacs na Scoile
    - Freastal / Asláithreacht
    - Clárú
    - Measúnú
    - Scrúduithe
    - Airgeadas

17. Tá liosta de na 24 tuairisc a bheas ar fáil do scoileanna ceangailte mar Aguisín A. Cuirfear eolas comhbhailithe a bhaineann leis na réimsí seo ar fail d'úsáideoirí údaraithe taobh istigh de RO, ÚOS agus BOLí.

Achoimre de shonraí a bhaileoidh rScoileanna

18. Tá liosta de na sonraí a bhaileofar agus a úsáidfear leis an ollstór a líonadh ar fail in Aguisín B, i ngrúpaí faoi na ceannteidil seo a leanas:

    - Sonraí Scoile
    - Sonraí Airgeadais Scoile
    - Sonraí breise faoi Dhaonáireamh Scoile
    - Sonraí faoi mhic léinn ó CBES agus ó chórais BOL agus CBL
    - Sonraí faoi mhúinteoirí ó CBES

Teacht ar shonraí agus slándáil sonraí

19. Is é an prionsabal a bhaineann le teacht ar shonraí nach mbeidh teacht ag gach scoil ach ar a sonraí féin: agus (go dtí go mbunófar ÚOS) nach mbeidh teacht ag gach bord ach ar shonraí scoileanna ina cheantar féin. Beidh teacht ag an Roinn (agus COO san áireamh) ar shonraí scoile agus boird araon.

20. Sannfar na cearta cuí teachta do phríomhoide gach scoile, trí bhrabhsálaí gréasáin, ar an tacar tuairiscí míosúla don scoil. Rialaítear an slándáil le teacht ar na tuairiscí seo trí ghnáthúsáid C2k aitheantas agus phasfhocal an úsáideora do Phríomhoidí, nach mbeidh teacht acu ach ar thuaisiscí a bhaineann lena n-institiúidí féin.

21. Sannfar cearta cuí teachta do líon teoranta úsáideoirí i ngach ceann de na 5 Bhord Oideachais agus Leabharlainne le tuairiscí a chruthú nó a mhionathrú taobh istigh de cheantar an Bhoird áirithe sin. Beidh teacht ag baill foirne údaraithe ÚOS agus RO chomh maith ar shonraí a bhaineann lena riachtanais le heolas ag leibhéil chuí, bunaithe ar róil agus eagraíocht.

22. Ó thaobh na slándála de, is tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcripteofar sonraí a bhainfear as foinse ar bith agus iad faoi bhealach chuig an ollstór sonraí.

An méid a chaithfidh scoileanna a dhéanamh

23. Is ríthábhachtach go bhfuil agus go bhfanann na sonraí a bhaileoidh rScoileanna ó chórais CBE C2k scoileanna iomlán, cruinn agus cothrom le dáta. Muna bhfuil seo amhlaidh faoi láthair, ba chóir do scoileanna gníomhú lena chinntiú go n-iontráltar an t-eolas cuí a luaithe is féidir agus ba chóir do gach scoil a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta ann lena choinneáil chun dáta agus ceart. Is ceist a bhfuil práinn ar leith léi eolas faoi mhúinteoirí: ba chóir do scoileanna a chinntiú go gcomhlánaítear an réimse 'Líon na Múinteoirí' mar is ceart taobh istigh de ghréasán CBES.

24. Aithneoidh na tuairiscí bailíochtaithe ar tagraíodh dóibh thuas sonraí atá ar iarraidh nó mícheart, ach is féidir obair ar cheartú fadhbanna a íosmhéadú, nó a sheachaint go hiomlán ach a chinntiú go gcoinnítear córais CBE cothrom le dáta.

25. Foilseoidh C2k nósanna imeachta cuimsitheacha i leith scrúdú sonraí agus eagarthóireacha a dhéanamh orthu ar 'Malartán C2k' a bheas ina gcuidiú ag scoileanna.

Oiliúint agus Tacaíocht

26. Cuirfidh C2k tacaíocht leanúnach ar fáil le cuidiú le scoileanna freagairt do thuairiscí bailíochtaithe rScoileanna. Tabharfaidh na tuairiscí seo sonraí faoi shonraí míchruinne nó neamhiomlána a fhionnfar i scoil ag an chéim bhailithe sonraí. Tairgfidh C2k fosta oiliúint i gciallú tuairiscí míosúla anailíse. Is féidir iarratais ar thacaíocht a logáil ar Dheasc Freastail C2k: agus cuirfear doiciméadúchán breise tacaíochta rScoileanna ar fáil ar Mhalartán C2k agus ar Thairseach rScoileanna.

27. Tosóidh an oiliúint d'iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta i mí Mheithimh: agus do bhunscoileanna i mí Mheán Fómhair. Iarrfar ar gach scoil a príomhoide agus (más éigean) ball eile foirne a chuir chuig an oiliúint.

EBL FITZSIMONS
An Fhoireann Cáilíochtaí agus TEC

K McCULLOUGH
An Brainse Staitisticí agus Taighde

Aguisín A

RSCOILEANNA: LIOSTA TUAIRISCÍ GO SCOILEANNA *(M=Míosúil, B=Bliantúil)*

Uimh.	Fócas	Ainm Oibre	Minicíocht
1	Asláithreacht	Asláithreacht (Scoil)	M
2	Freastal	Treochtaí Freastail (Scoil)	M
3	Freastal	Freastal (Scoil)	M
4	BTB	BTB (Scoil)	M
5	Clárú	Clárú (Scoil)	M
6	Eitneachas	Eitneachas (Bliainghrúpa) (Scoil)	M
7	Eitneachas	Eitneachas (Ilthosca) (Scoil)	M
8	Airgeadas	Achoimre Airgeadais (Scoil)	M
9	EC 4 / GCSE	Táblaí Céime EC 4	B
10	EC 4 / GCSE	Táscairí EC 4: Tairseacha, % 5A*-C srl. (Scoil)	B
11	EC 4 / GCSE	Táscairí EC 4: MSP % 5A*-C srl. (Scoil)	B
12	EC 4 / GCSE	Táscairí EC 4: Tairseacha, % 5A*-C srl. (Scoil) – bliain reatha	B
13	EC 4 / GCSE	Táscairí EC 4: MSP, % 5A*-C srl. (Scoil) – bliain reatha	B
14	EC 4 / GCSE	Tairseacha Anailíse Ábhair EC 4 (Scoil)	B
15	EC 4 / GCSE	MSP Anailíse Ábhair (Scoil)	B
16	Iar 16 / Leibhéal A	Dul ar aghaidh ó GCSE go Leibhéal A: gach ábhar (Scoil)	B
17	Iar 16 / Leibhéal A	Táscairí Iar 16: % A-E, % A-B (Scoil) – Tairseacha - treochtaí	B
18	Iar 16 / Leibhéal A	Táscairí Iar 16: % A-E, % A-B (Scoil) – APS - treochtaí	B
19	Iar 16 / Leibhéal A	Táscairí Iar 16: % A-E, % A-B (Scoil) – Tairseacha – bliain reatha	B
20	Iar 16 / Leibhéal A	Táscairí Iar 16: % A-E, % A-B (Scoil) – APS – bliain reatha	B
21	Reiligiún	Reiligiún (Scoil) & Treocht	M
22	Comhthéacs Scoile	Achoimre Chomhthéacs Scoile	M
23	Achoimre Scoile	Tuairisc Féinmheastóireachta Achoimre Scoile (Iar-bhunscoil)	B
24	RSO	RSO (Scoil)	M

Aguisín B

Liosta iomlán sonraí atá bailithe ag rScoileanna.

Sonraí scoile ó SIMS

Uimhir RO
BOL
Ainm na Scoile
Cineál Scoile
Cineál Bainistíochta Scoile
Ainm an Phríomhoide
Seoladh na Scoile
Uimhir ghutháin na scoile
Uimhir facs na scoile
Seoladh rphoist na scoile
Inscne dhaltaí na scoile
Toghcheantar Parlaiminte
Comhairle Ceantair
Táscaire Uirbeach nó Tuaithe

Airgeadas Scoile ó CBA (nó foirm ar líne do scoileanna gan CBA)

Bliain Airgeadais
Buiséad Bliantúil
Caiteachas Iarbhír sa Bhliain chun Dáta (BCD)
Caiteachas Sonraiscthe BCD
Caiteachas Tiomanta BCD
Leithdháileadh buiséid in aghaidh na Tréimhse

Daonáireamh Breise Scoile (bailithe ar an Fhoirm ar líne)

Líon na n-aonad speisialta sa scoil
Líon na dtréimhsí teagaisc
Líon na ndaltaí ag teacht go scoil i dTuaisceart Éireann
Líon na ndaltaí ag imeacht ó scoil i dTuaisceart Éireann
Bliainghrúpa an churaclaim náisiúnta
Líon na ndaltaí sa bhliainghrúpa NACH bhfuil ina gcónaí i dTuaisceart Éireann
Líon freastal féideartha an bhliainghrúpa sa bhliain daonáirimh
Líon freastal reatha nó GOC an bhliainghrúpa sa bhliain daonáirimh
Líon asláithreachtaí údaraithe an bhliainghrúpa sa bhliain daonáirimh
Líon asláithreachtaí neamhúdaraithe an bhliainghrúpa sa bhliain daonáirimh
Líon réamh-mheasta na ndaltaí sa bhliain Churaclaim Náisiúnta (CN)
Líon réamh-mheasta na ndaltaí atá á dteagasc in aonad speisialta sa Bhliain CN
Líon réamh-mheasta na ndaltaí atá á dteagasc in aonad Gaeilge sa Bhliain CN
Líon iomlán réamh-mheasta na ndaltaí sa Bhliain CN
An aoischatagóir. Sonraíonn an chatagóir go héifeachtach an bliainghrúpa a réamh-mheastar an dalta a bheith ann (Naíolann nó Réamhbhliain) agus réimse aoise. Is luachanna incheadaithe iad: Aois Naíolainne Faoi 3 Aois Naíolainne Ag 3 Aois Naíolainne 4 agus Thairis Aois Réamhbhliana Faoi 3 Aois Réamhbhliana Ag 3 Aois Réamhbhliana 4 agus Thairis
Líon na ndaltaí lánaimseartha san aoischatagóir
Líon na ndaltaí páirtaimseartha rn
Líon na ndaltaí páirtaimseartha in
Taithí Oideachais roimhe seo (Daltaí Bliain 1)

Eolas ar an Scoláire ó CBES

Uimhir uathúil dhalta an scoláire (UUD).
Sloinne dleathach an scoláire.
Túsainm dleathach an scoláire.
Sloinne roghnaithe an scoláire.
Túsainm roghnaithe an scoláire.
Lárainm(neacha) an scoláire.
Seoladh an scoláire.
Inscne an scoláire.
Dáta breithe an scoláire.
Bunús eitneach an scoláire.
Céad teanga an scoláire.
Béarla mar Theanga Bhreise.
Reiligiún an scoláire.
Uimhir iontrála an scoláire chun na scoile.
Aitheantóir Uathúil Iarrthóra an scoláire.
An bhliain churaclaim ina dteagasctar an scoláire, mar shampla: Bliain Churaclaim 7 Bliain Churaclaim 8 14 Bliain Churaclaim 14
Freastalaíonn an scoláire ar Aonad Gaeilge
Stádas an scoláire. Is luachanna incheadaithe iad: Ar rolla Tá an scoláire ar rolla na scoile (i.e. tá sé ag freastal ar an scoil faoi láthair). Reatha Níl an scoláire ar rolla na scoile ach freastalaíonn sé ar ranganna áirithe sa scoil. Fágálaí D'fhág an scoláire an scoil.
Dáta iontrála an scoláire chun na scoile.
Grúpa clárúcháin an scoláire.
Tásc cé acu atá an scoláire faoi chúram nó nach bhfuil.
Tásc cé acu atá an scoláire in oideachas páirtaimseartha nó nach bhfuil. T Freastalaíonn an scoláire go páirtaimseartha. F Freastalaíonn an scoláire go lánaimseartha.
Cuireadh riocht sláinte in iúl don scoil.
Brat ag cur in iúl cé acu atá an scoláire ina scoláire cónaithe sa scoil nó nach bhfuil
Brat ag cur in iúl cé acu atá an scoláire i dteideal béilí scoile in aisce nó nach bhfuil.
Brat ag cur in iúl cé acu a íocann scoláire táillí nó nach n-íocann.
An cód fágála.
An cur síos a bhaineann leis an chód fágála.
Bunscríbe fágálaí (m.sh. ainm na scoile nua).
An chéim RSO.

Dáta tosaithe RSO.
Táscaire go bhfuil Caomhnóir an scoláire sna Fórsaí
Brat gur Measadh go raibh an Scoláire Míchumasaithe T Measadh go raibh an Scoláire Míchumasaithe F Measadh NACH raibh an Scoláire Míchumasaithe
Tuismitheoirí ag Fáil Liúntas Tacaíochta Ioncaim / Liúntas Cuardaitheora Poist (Daltaí Naíolainne).
Torthaí Eochairchéime 2 i mBéarla agus i Matamaitic (Daltaí Bliana 8).

Sonraí Teagmhála Scoláire ó CBES

Tosaíocht an teagmhálaí ar an liosta teagmhálaithe an scoláire. (Is féidir le scoláire níos mó ná teagmhálaí amháin a bheith aige).
Teideal teagmhálaí an scoláire.
Sloinne teagmhálaí an scoláire.
Túsainm teagmhálaí an scoláire.
Inscne teagmhálaí an scoláire.
Gaol teagmhálaí an scoláire leis an scoláire.
Tásc cé acu atá freagracht tuismitheorá ag an teagmhálaí as an scoláire nó nach bhfuil.
Seoladh teagmhálaí an scoláire.
Seoladh oibre teagmhálaí an scoláire.
Uimhir ghutháin bhaile teagmhálaí an scoláire
Príomhuimhir ghutháin teagmhálaí an scoláire.
Uimhir ghutháin phóca teagmhálaí an scoláire

Freastal agus Asláithreacht an Scoláire ó CBES

An cód freastail
An seisiún. Is iad na luachanna atá incheadaithe: AM PM
Freastail Fhéideartha

Iontráil Scrúdaithe (Iar-bhunscoile) an Scoláire ó CBES

Na cáilíochtaí, mar shampla: GCE GCSE GNVQ
Cód ábhair an ábhair a mbaineann an cháilíocht leis. Eisítear na cóid seo ag an Údarás Cáilíochtaí agus Curaclaim. Mar shampla: 2210 2220 2230
An t-ábhar a mbaineann an cháilíocht leis. Eisítear na cóid seo ag an Údarás Cáilíochtaí agus Curaclaim. Mar shampla: 2210-Matamaitic 2220-Matamaitic (Meicnic) 2230-Glanmhatamaitic
An tacar torthaí a mbaineann an cháilíocht leis. Mar shampla: Iontrálacha mhí Mheithimh 2006 Iontrálacha mhí Mheithimh 2008
An foras cáiliúcháin a chuireann an cháilíocht ar fáil, mar shampla: OCR-01 EDEXL/GCE 11 EDEXL/GCSE 10 WJEC/GCSE 40 WJEC/GCSE 41 AGA-70 CCSMTÉ-61
An leibhéal ag a bhfuarthas an Cháilíocht, mar shampla: GCE/A GCE/ASB GCSE/FC GCSE/SC GCSE/DA GNVQ/1

Torthaí Scrúduithe (Iar-bhunscoile) an Scoláire ó CBES

An séasúr a mbaineann an cháilíocht leis. Mar shampla: Iontrálacha mhí Mheithimh 2006 Iontrálacha mhí Mheithimh 2008
An tacar torthaí a mbaineann an cháilíocht leis. Mar shampla: Iontrálacha mhí Mheithimh 2006 Iontrálacha mhí Mheithimh 2008
An próiseas a mbaineann an cháilíocht leis. Mar shampla: Iontráil Réamhaisnéis Toradh
An foras cáiliúcháin a chuireann an cháilíocht ar fáil, mar shampla: OCR-01 EDEXL/GCE 11 EDEXL/GCSE 10 WJEC/GCSE 40 WJEC/GCSE 41 AGA-70 CCSMTÉ-61
An cháilíocht, mar shampla: GCE GCSE GNVQ
An leibhéal ag a bhfuarthas an Cháilíocht, mar shampla: GCE/A GCE/ASB GCSE/FC GCSE/SC GCSE/DA GNVQ/1
Cód ábhair an ábhair a mbaineann an cháilíocht leis. Eisítear na cóid seo ag an Údarás Cáilíochtaí agus Curaclaim. Mar shampla: 2210 2220 2230
An t-ábhar a mbaineann an cháilíocht leis. Eisítear na cóid seo ag an Údarás

Cáilíochtaí agus Curaclaim. Mar shampla: 2210-Matamaitic 2220-Matamaitic (Meicnic) 2230-Glanmhatamaitic 2250-Matamaitic (Fheidhmeach) 2260-Matamaitic (Staitisticí) 2330-Matamaitic Bhreise 4010-Stair 5750-Spáinnis
Grád na cáilíochta a fuarthas, mar shampla: A* A B C
Líon na bpointí is fiú an cháilíocht, mar atá sainmhínithe ag ÚCC
CCSMTÉ G27 H Toradh – Grád F

Measúnacht an Scoláire ó CBES

An tacar torthaí a mbaineann an measúnú leis. Mar shampla: Toradh Bailíochtaithe Eochairchéime 3
Dáta an toraidh.
An cineál toraidh. Mar shampla, féadann an toradh a bheith ina ghrád nó ina chéatadán (marcanna – slánuimhir)
Cód na gné. Snáithe ábhair Cóid EC3 do thorthaí Eochairchéime 3. Mar shampla: SC AT1
Cur síos ar an ghné. Mar shampla: SC AT1: Fiosrú Eolaíochta (NI)
An toradh.

Stair Scoile an Scoláire ó CBES

An dáta ar iontráil an scoláire an scoil.
An dáta ar fhág an scoláire an scoil.
Stádas cláraithe an scoláire.
Uimhir RO na scoile bunscríbe.
Ainm na scoile bunscríbe.

Riachtanas Oideachais Speisialta ó CBES

Cód cineáil riachtanas oideachais speisialta
Rangú an riachtanais oideachais speisialta, Mar shampla: 1, 2 nó 3

Aonad Speisialta Soláthair an Scólaire ó CBES

Cód an chineál soláthair do scoláire 1. Am san Aonad Speisialta
Cur síos ar an chineál soláthair do scoláire
An dáta ar thosaigh an scoláire ag caitheamh ama san aonad speisialta.
An dáta ar stad an scoláire de chaitheamh ama san aonad speisialta.

Sonraí an scoláire ó chórais CBL BOL

Uimhir uathúil dhalta an scoláire.
Inscne an scoláire.
Eitneachas an scoláire.
Dáta breithe an scoláire.
Táscaire Riachtanais Oideachais Speisialta. 0-5.
Cláraithe míchumasaithe.
Bliain CN an scoláire.
Uimhir RO an scoláire.
Ainm scoile an scoláire.
Cineál bainistíochta scoil an scoláire.
Cineál cóid sheoladh an scoláire.
Seoladh Comhfhreagrais.

Sonraí Fionraí agus Díbeartha an scoláire ó chórais CBL BOL

“FION” d’fhionraithe, “DÍB” do dhíbirtí.
Fáth na fionraí/na díbeartha.
Dáta tosaigh na fionraí/na díbeartha.
Líon laethanta na fionraí/na díbeartha.
Tásc má tá an fhionraí leanúnach.

Sonraí Béilí Scoile in Aisce an Scoláire ó chórais CBL BOL

An cineál éilimh. Mar shampla, CBAO1
Cód an éilimh.
Stadas an éilimh.
Dáta tosaigh an éilimh.
Dáta deiridh an éilimh.

Sonraí múinteora ó CBES

Teideal an bhall foirne.
Sloinne dleathach an bhall foirne.
Túsainm dleathach an bhall foirne.
Sloinne roghnaithe an bhall foirne.
Túsainm roghnaithe an bhall foirne.
Lárainm(neacha) an bhall foirne.
Inscne an bhall foirne.
Dáta breithe an bhall foirne.
Cód chineál fostaíochta chonradh fostaíochta an bhall foirne.
Cur síos ar an chineál fostaíochta. Mar shampla, cé acu atá an ball foirne ar chonradh buan nó ar chonradh sealadach.
Líon na n-uaireanta a oibrítear sa tseachtain.
Líon na seachtainí sa bliain atá an ball foirne faoi chonradh a oibriú.
Dáta tosaigh chonradh an bhall foirne.
An cód a bhaineann le post an bhall foirne.
Cur síos ar phost an bhall foirne. Mar shampla, Ceann Roinne.

Asláithreacht Múinteora ó CBES

An cód fágála
An cur síos a bhaineann le cód fátha na hasláithreachta.
Dáta tosaigh na tréimhse asláithreachta.
Dáta deiridh na tréimhse asláithreachta.

Sonraí Ranga múinteora ó CBES

An rang atá á theagasc ag an mhúinteoir. Mar shampla, 10A/Gg
An t-ábhar atá á theagasc sa rang. Is cód ábhair CBES é seo, ní cód ábhair ÚCC. Mar shampla, Gg do Thíreolaíocht
Líon na ndaltaí sa rang.